

Tuarascáil Bhliantúil an CSI 2014



Focal leis an gCoimisinéir	3
1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid	5
1.1 Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid	5
1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht	5
1.2.1 Bearta le Rioscaí a Mhaolú	6
1.2.2 Forbairt Ghairmiúil	6
1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid	6
2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna	7
2.1 Measúnacht ar an gComhréireacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	7
2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS)	7
2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse	7
2.2 Treoirínte	7
2.3 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú	7
2.4 Comhlíonadh, Maoirseacht & Forfheidhmiú	8
2.5 Iníúcháireacht ar an gComhréireacht (Maoirseacht Réamhghníomhach)	8
2.5.1 Scrúduithe Tar Éis Eachtraí Tromchúiseacha (Maoirseacht Fhrithghníomhach)	10
2.5.2 Monatóireacht ar Shaincheisteanna Teicniúla	10
2.5.3 Cigireacht	10
2.5.4 Cruinnithe Maoirseachta	10
2.5.5 Buairimh an Tionscail	10
2.5.6 Uiríll ón bpobal	11
2.5.7 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin	11
2.6 Reachtaíocht a Chomhchuíbhíú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip	12
2.7 An Comhairle Idirnáisiúnta Shábháilteachta Iarnróid	12
2.8 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile	12
3. Rialachas Corparáideach agus Riarachán	13
3.1 Réamhrá	13
3.2 Cúrsaí Airgeadais	13
3.3 Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais	13
3.3.1 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú	14
3.3.2 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh	14
3.3.3 Taisteal agus speansais	14
3.4 Tiomantas don Ghaeilge	14
3.5 Saoráil Faisnéise	14
3.6 Cairt Chustaiméirí	14
3.7 Bainistíocht Rioscaí	14
3.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó	14
3.9 Ráiteas Straitéise 2012-2014	14
3.10 Suíomh Idirlín	14
4. Ag Breathnú Amach Romhainn	15
Aguisín 1: Ceaduithe arna ndeonú ag an CSI in 2013	16
Aguisín 2: Súil ar an bhFuinneamh a Úsáideadh in 2013	17

De réir Alt 28(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, tá ceangal ar an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) tuarascáil bhliantúil a chur i láthair an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is í seo an tuarascáil bhliantúil do bhliain 2014 agus, le cois faisnéis a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí, riarachán agus rialachas an CSI; soláthraítear sa tuarascáil sonraí staitistiúla maidir leis an mbealach a d'fheidhmigh na heagraíochtaí éagsúla iarnróid atá ag feidhmiú in Éirinn, ó thaobh na sábháilteachta de i rith na bliana ar a bhfuil súil á caitheamh

Leanann an CSI ar aghaidh le bheith rannpháirteach, i gcuideachta Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh, san obair leanúnach le creat rialála sábháilteachta iarnróid na hEorpa a fhorbairt agus a chur i ngníomh. I rith 2014 sholáthair an CSI comhairle theicniúil don Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (RITS) maidir le Treoracha ón Eoraip a thrasúomh i ndlíthe náisiúnta.

Forordaítear le Rialacháin an AE na modhanna lena bhfuil maoirseacht le déanamh ar Bhainisteoirí Bonneagair iarnróid agus ar Ghnóthais Iarnróid lena chinntiú go gcuireann siad a gcuid Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBSnna) faoi seach i ngníomh agus go gcloíonn siad leo. Le réimeas iniúchóireachta agus cigireachta an RSC, cinntítear go ndéantar maoirseacht, ar a mhéad a chloíonn sealbhóirí dualgas lena gcuid CBSnna faoi seach, de réir an chomh-mhodha sábháilteachta a shonraítear i Rialachán Uimh. 1077/2012 (AE) an Choimisiúin.

Tá ráiteas soiléir, in uasdátú a thug an CSI don RITS i mí Aibreáin 2013 maidir lena Straitéis Phleanála dá chuid dá Fhórsa Oibre, faoin saineolas teicniúil atá riachtanach leis na tascanna a fheidhmiú a thagann chun cinn ó na feidhmeanna a thugtar de shainordú dlíthiúil dó i leith an tsábháilteachta iarnróid a rialáil. Bhí srianta ar earcaíocht trasna na hearnála poiblí fós i bhfeidhm i rith 2014 áfach. D'fhág seo go raibh an CSI fós ag brath, le haghaidh acmhainní teicniúla, ar mheascán d'innealtóirí iarchéime a fuarthas ar iasacht ó Engineers Ireland agus saineolaithe seachtracha le haghaidh sainriachtanas ag tacú leis na hinnealtóirí sin.

Ní chuirfear an clár oiliúna agus forbartha do chéimithe i gcrích go hiomlán go dtí deireadh an tríú ráithe, 2016. Tá an CSI cos ar chois lena sprioc áfach lena riachtanas ar thacaíocht sheachtrach a laghdú go leibhéil inbhuanaithe sa leath deiridh de 2015.

Dheonaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (RCPA) an 15^ú Deireadh Fómhair 2014 cead le hardú de 6 phost coibhéise lánaimseartha a dhéanamh ar sprioc an ECF don CSI le, agus tugadh cead le Cigirí gaolmhara

Sábháilteachta Iarnróid a earcú ar leibhéal Innealtóra Ghrád 2. Comhlíonadh gach coinníoll leis an bhfeachtas earcaíochta a thionscnamh faoi dheireadh mhí na Samhna, agus chuaigh an CSI ar aghaidh le socrúithe a dhéanamh le tús a chur leis an bpróiseas sa chéad ráithe de 2015.

D'éirigh go maith le seachadadh thionscadal comhfhóirmeachta AE de chuid Iarnróid Éireann, lena dealaíodh, trí atheagrú inmheánach, gníomhaíochtaí an Bhainisteora Bonneagair agus an Ghnóthais Iarnróid idir rannáin ghó ar leithligh. Leanann gach rannán ar aghaidh le bheith ag feidhmiú faoina CBS aonair féin de réir Threoir 2004/49/CE.

Ó thaobh na réimsí sin a leagadh amach i dTuarascáil Bhliantúil 2013 mar na réimsí ar a ndíreofaí fócas ar leith i rith 2014, tá an CSI tar éis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar seo a leanas:

- Tacaíocht theicniúil leanúnach do RITS maidir le reachtaíocht um shábháilteacht iarnróid a leasú lena chinntiú go gcomhlíonfar treoracha ón AE
 - Shínigh an tAire I.R. Uimh. 258 de 2014, Rialacháin ón Aontas Eorpach (Sábháilteacht Iarnróid), (Tionóiscí agus eachtraí tromchúiseacha a Thuairisciú agus a Imscrúduithe), le héifeacht a bheith leis ón 12^ú Meitheamh 2014
- Dealú an AITI ón CSI, ó thaobh an dlí de, a chur i ngníomh sa chaoi go gcomhlíonfaí ceanglais an AE go hiomlán:
 - Aistríodh an fheidhm as tionóiscí iarnróid a imscrúduithe ón CSI go dtí RITS (agus baill foirne de chuid an CSI, a bhíonn ag obair ar imscrúduithe amháin, tugtha ar iasacht do RITS) le héifeacht ón 1^ú Iúil 2014. Aistríodh triúr imscrúduitheoirí chuig párolla RITS an 16^ú Nollaig 2014
- Scileanna gairmiúla ag innealtóirí iarchéime á bhforbairt go leanúnach chun aon easnamh maidir le sainacmhainní daonna teicniúla a sheachaint i gcás go bhféadfaidís bac a chur ar an CSI lena chuid oibleagáidí don AE agus faoi reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh:
 - Tháinig laghdú eile ar an spleáchas ar shainchomhairleoirí fíorchostasacha le tabhairt faoi phríomhghníomhaíochtaí de bharr fáis leanúnaigh ar eolas agus ar thairbhí na gcéimithe a tugadh ar iasacht don CSI;
- Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt tuilleadh de réir cheanglais ISO le cur ar chumas an CSI creidiúna a bhaint amach
 - Tharla go raibh forbairt Chóras Bainistíochta Cálíochta an CSI níos móille ná a pleanáladh mar gheall nach raibh acmhainn ar fáil (níor ligeadh cigire amháin de chuid an CSI, a tugadh ar iasacht don AITI, saor mar a pleanáladh ag deireadh na chéad ráithe de 2014). Táthar ag súil leis go gcuirfear dlús leis an tionscadal tábhachtach seo arís tar éis do Chigirí a bheith earcaithe sa chéad ráithe de 2015;

Focal leis an gCoimisinéir



- Cur i gcrích na measúnachta ar an gcóras bhainistíochta sábháilteachta (CBS) a chuir *Balfour Beatty Rail Ireland (BBRI)* faoi bhráid an CSI, is deimhniú sábháilteachta á chur i gcrích dá thoradh freisin
 - Eisíodh Deimhniú Sábháilteachta do *BBRI* an 24^ú Feabhra 2014;
- Athbhreithniú cuimsitheach ar rioscaí atá de dhlúth is d'inneach chórais reatha chomharthaíochta & teileachumarsáide Iarnród Éireann
 - Athbhreithniú ar mheasúnacht ar rioscaí agus ar fhachtóirí daonna, a rinne saineolaithe neamhspleácha thar ceann an CSI, seachadta i R1, 2014, agus tuairisc uileghabhálach le bheith tugtha chun críche ag an CSI i R1, 2015;
- Deimhniú *ECM* á chur i bhfeidhm de réir ar a chéile le haghaidh flíteanna paisinéirí agus ghluasteoirí Iarnród Éireann
 - Obair ar siúl faoi láthair ar gach flit i ndiaidh a chéile agus próiseas tugtha ar aghaidh go maith d'fhlíit Aicme 22000 de chuid *ICR*. Aghaidh le tabhairt ar chineálacha eile flíteanna i rith 2015;
- Idirghníomhaíocht leanúnach leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (GFI) sa mheasúnacht ar na hoibreacha nua do shíneadh Traschathrach an LUAS
 - Tá tús curtha le próiseas na sé chéimeanna as a dtiocfaidh an tUdarú le síneadh Traschathrach an LUAS a Chur i mBun Seirbhíse. Tá Litir lena bhfuiltear Ag Glacadh le Céim 1 (“Céim an Choincheapa”) le heisiúint don GFI i R1, 2015, agus leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag bualadh agus ag oibriú leis an GFI i dtreo na cúig chéimeanna eile de *APSS* a sheachadadh;
- Measúnacht ar chomhfhoirmeacht chórais bhainistíochta sábháilteachta (CBSanna) a chuir Iarnród oidhreacht féinchoinnithe faoi bhráid an CSI, agus deimhniú sábháilteachta dá thoradh do gach ceann de na heagraíochtaí Iarnróid sin
 - Tá Deimhnithe Sábháilteachta eisithe mar seo a leanas:
 - Iarnród Mono Lartigue, 6^ú Márta 2014
 - Cumann Treanach na Gaeltachta, 16^ú Aibreán 2014
 - Iarnród Loch Diffin, 28^ú Aibreán 2014
 - Iarnród Ghleann Phort Láirge & na Siúire 1^ú Bealtaine 2014

– *Irish Steam Preservation Society*, 16^ú Bealtaine 2014

- Comhoibriú leanúnach le RITS maidir le reachtaíocht a leasú agus feidhmeanna a shannadh i ndáil le rialáil na hearnála Iarnróid ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de le Treoracha ón AE a chomhlíonadh
 - Tá rialacháin lena dtrasuitear Treoir 2012/34/AE, Limistéar Iarnróid Aonair na hEorpa (athmhúnu), dréachtaithe

De réir Rialacháin 4(2) de I.R. Uimh. 444 de 2013, cuirfidh gach bainisteoir bonneagair agus gnóthas Iarnróid, tráth nach déanaí ná an 30^ú Meitheamh i ngach bliain, tuarascáil bhliantúil um shábháilteacht faoi bhráid an CSI maidir leis an mbliain roimhe. Le hAirteagal 18 den Treoir 2004/49/CE (An Treoir um Shábháilteacht Iarnróid), ceanglaítear ar an CSI tuarascáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí sa bhliain roimhe a sheoladh chuig an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid faoin 30^ú Meán Fómhair ar a dhéanaí.

Déanfaidh an CSI faisnéis staitistiúil a bhaineann le feidhmiú na n-eagraíochtaí Iarnróid ó thaobh na sábháilteachta, faoi mar a cuireadh faoi bhráid an CSI ina gcuid tuarascálacha bliantúla, a anailísiú agus a fhoilsiú ag deireadh R3, 2015, i dtuarascáil ar leithligh. Tá tuarascálacha staitisiúla ó bhlianta roimhe ar fáil ar shuíomh idirlín an CSI www.rsc.ie

Maidir leis an gcathaoirleach neamhspleách, a cheap an CSI, le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas leis na moltaí a chur i ngníomh a rinneadh sa tuairisc, *Athbhreithniú ar chúinsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fhaisnéis atá ríthábhachtach don tsábháilteacht a bheith á sonrú go luath le linn imscrúdú ar thionóisc nó eachtra*, chuir sé a thuarascáil faoi bhráid i mí na Nollag 2014, agus seoladh cóip ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig RITS.

Mar chonclúid, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine ar fhoireann an CSI as a dtiomantas agus as an tacaíocht a thug siad agus ár misin - *Sábháilteacht na n-Iarnróid in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach á chomhlíonadh againn* – agus ag cinntiú leis sin gur comhlíonadh ár ndualgais reachtúla i rith 2014.

Gerald Beesley

Coimisinéir Sábháilteachta Iarnróid
Márta 2015

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

1.1 Bunús agus ról an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid

Bunaíodh an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid (CSI) an 1ú Eanáir 2006 go foirmiúil de réir cheanglais an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (ASI) 2005, agus is é an tUdarás Inniúil é a bhíonn freagrach as an obair seo a leanas:

- Maoirseacht ó thaobh na Sábháilteachta a dhéanamh ar Bhainisteoirí Bonneagair agus ar Ghnóthais Iarnróid chun Treoir 2004/49/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1177/2012 a chomhlíonadh;
- Maoirseacht ó thaobh na Sábháilteachta a dhéanamh ar Eagraíochtaí Iarnróid chun an Acht um Shábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh;
- Measúnacht ar Chomhréireacht Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta chun Treoir 2004/49/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 1158/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1169/2010 a chomhlíonadh mar réamhchoinníoll le sábháilteacht Bhainisteoirí Bonneagair a údarú / le Gnóthais Iarnróid a dheimhniú ó thaobh na sábháilteachta;
- Measúnacht ó thaobh na Comhfhoirmeachta a dhéanamh ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta a chomhlíonann an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid sula ndeimhneofar Eagraíochtaí Iarnróid eile ó thaobh na sábháilteachta;
- Fochórais struchtúracha nua agus feithiclí nua, nó cinn atá athraithe go suntasach, a mheasúnú ó thaobh na sábháilteachta de chun Treoir 2008/57/CE nó an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh;
- Aonáin a bhíonn i gCeannas ar Choithabháil orthu a Dheimhniú, chun Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 a chomhlíonadh;
- Tiománaithe traenach a dheimhniú chun Treoir 2007/59/CE a chomhlíonadh;
- Comhairleoirí a dheimhniú chun earraí contúirteacha a iompar ar iarnróid chun I.R. 651 de 2010 a chomhlíonadh;
- Cábala-bhealaí a údarú chun I.R. 470 de 2003 (arna leasú le I.R. 766 de 2007) a chomhlíonadh;
- An creat rialála iarnróid a fhorbairt de réir Theoracha ón Eoraip; agus
- Bearta forfheidhmiúcháin a fheidhmiú de réir Chuid 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

I gcomhthéacs na Treorach 2004/49/CE ón Eoraip (Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid), is é an CSI an tUdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earráil iarnróid i bPoblacht na hÉireann. Mar an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na ngníomhaíochtaí iarnróid ar fad sa Stát, ceanglaítear ar an CSI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a

fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid oibriúcháin go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach, viz

Measúnacht ar an gComhfhoirmeacht – Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) a Mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad ceanglais sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhniú sábháilteachta orthu, agus bonneagar nua iarnróid agus rothstoc nua a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais maidir leis an tsábháilteacht sula gcuirfead seirbhís i bhfeidhm.

Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú – Iníúcháireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíonann sealbhóirí dualgais na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear, agus cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh. Dearbhaítear go mbíonn moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá; agus

Reachtaíocht a Chomhchuíbhí le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip – Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuíbhí le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go mbeidh an bealach, ina chuirfead bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le nósanna imeachta i ngníomh dá bharr, ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.

1.2 An Struchtúr agus an Eagraíocht

Saineagraíocht bheag theicniúil is ea an CSI atá comhdhéanta d'innealtóirí gairmiúla agus a dtacaíonn foireann riaracháin beirte léi. Éascaíonn struchtúr tuairisceoireachta leibhéalta le faisnéis agus smaointe sruthlú thart go saoraideach agus cuireann an struchtúr sin an próiseas sin chun cinn fosta, rud a spreagann an comhairliúchán agus smaointeoireacht chruthaitheach. Ní amháin go gcuireann sé sin ar chumas an CSI riachtanais na bhfeidhmeanna sin, atá sainordaithe le reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, a chomhlíonadh, ach soláthraíonn sé an tsolúbthacht dúinn freisin a bhíonn ag teastáil chun freagairt go héifeachtach d'éilimh oibre a thagann gan choinne agus nach mór freastal orthu láithreach.

Bhí na srianta ar fhostaíocht ar feadh na hearnála poiblí fós i bhfeidhm i rith 2014 ar fad. Lena chinntiú go raibh cumas corparáideach leordhóthaineach ar fáil i rith na bliana go ndéanfaidh an CSI cúrsaí sábháilteachta iarnróid a rialáil, lean an CSI ar aghaidh le seirbhísí meascán d'innealtóirí iarchéime a fhostú (a fuarthas ar iasacht ó *Engineers Ireland*) chomh maith le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha, a thabhairt isteach le haghaidh sainriachtanas.

Ní chuirfead an clár oiliúna agus forbartha do chéimithe i gcrích go hiomlán go dtí deireadh an tríú ráithe, 2016. Mar gheall ar an bhfás leanúnach ar eolas agus ar thaithí na n-innealtóirí céimithe áfach, tá an CSI fós cos ar chois lena sprioc lena riachtanas ar thacaíocht sheachtrach a laghdú go leibhéil inbhuanaithe sa leath deiridh de 2015.

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

1. An Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid

1.2.1 Bearta le Rioscaí a Mhaolú

Tá an clár oiliúna & forbartha saindeartha ina chomhchuid bhuntábhachtach de straitéis phleanála fórsa oibre an CSI. Is é a chuspóir a chinntiú go mbeidh eolas agus scileanna teicniúla leordhóthaineacha a bhaineann go sonrach le cúrsaí iarnróid ar fáil laistigh den CSI sa chaoi go gcomhlíonfar dualgais a bhfuil ceangal dlí ar an gcomhlacht a dhéanamh, agus nach mbeidh ach an líon is lú is féidir de shainchomhairleoirí seachtracha á dtabhairt isteach.

Faoi mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2013, bhí trí chinn de cheithre thoradh shonracha an chláir comhlíonta ag an CSI cheana féin, mar atá:

- (i) éascú le scileanna saindeartha a fhorbairt chun an tsábháilteacht in earnáil iarnróid na hÉireann a rialáil;
- (ii) rannchuidiú dearfach a sholáthar le céimithe a fhostú; agus
- (iii) go mbeifear in ann laghdú leanúnach a dhéanamh ar chandam na tacaíochta seachtraí costasáil.

Tá an ceathrú toradh den chláir oiliúna & forbartha do chéimithe (le ham a cheannach – go dtí lár 2014 ar a laghad – sula gcaithfí baill foirne a fhosú) fíoraithe anois. An 15^ú Deireadh Fómhair 2014, dheonaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe (RCPA) cead le hardú de 6 phost coibhéise lánaimseartha a dhéanamh ar sprioc an *ECF* don CSI agus tugadh cead le Cigirí gaolmhara Sábháilteachta Iarnróid a earcú.

Comhlíonadh gach coinníoll leis an bhfeachtas earcaíochta a thionscnadh faoi dheireadh mhí na Samhna, agus chuaigh an CSI ar aghaidh le socruithe a dhéanamh le tús a chur leis an bpróiseas i R1, 2015. Ach toradh rathúil a bheith ann, beidh an CSI in ann líon na saineolaithe inniúla a fhosú, a bheidh riachtanach le leordhóthain acmhainní a choinneáil leis an CSI ó 2015 ar aghaidh.

1.2.2 Forbairt Ghairmiúil

Níl an clár oiliúna do chéimithe ach ina chuid den fheachtas foriomlán le heolas agus scileanna laistigh d'fhoireann an CSI a bhreisiú. Spreagtar gach ball foirne le páirt a ghabháil i ngníomhaíochtaí a aithníonn comhlachtaí gairmiúla mar chinn a rannchuidíonn leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Baineadh an dul chun cinn seo a leanas maidir le forbairt ghairmiúilamach i rith 2014:

- Teideal gairmiúil cláraithe mar Innealtóir Cairte (CEng) bronnta ar aon phríomhchigire agus ar bheirt innealtóirí iarchéime
- Bronnadh BSc ar Chúntóir Riaracháin i mBainistíocht Acmhainní Daonna ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Is é cuspóir imscrúdú ar thionóisc nó eachtra iarnróid cúiseanna díreacha agus láithreacha an eachtra a dhéanamh amach (lena n-áirítear fachtóirí a rannchuidigh leis agus a bhain le gníomhartha a rinne daoine a raibh lámh acu ann, nó an bhail ar an rothstoc nó ar shuiteálacha teicniúla); cúiseanna bunúsacha a bhaineann le scileanna, nósanna imeachta, agus cúrsaí cothabhála; agus bunchúiseanna a bhaineann leis an gcreat rialála agus feidhmiú chórais bhainistíochta sábháilteachta; agus, i gcás gur gá, moltaí ó thaobh na sábháilteachta a dhéanamh, arb é an cuspóir a bhaineann leo go bhféadfaí sábháilteacht an iarnróid a fheabhsú agus tionóiscí a sheachaint.

Imscrúdú cúisíoch a dhéanann an t-aonad, agus é sin amháin - is é sin le rá go bhféachann sé le fíricí iomlána eachtra a aithint chomh maith leis an bhfáth gur tharla sé d'fhonn atarlú a chosc. Sonraítear íos-tairseach, ó thaobh cailteanas agus gortuithe, a mbíonn imscrúdú éigeantach os a cionn, leis an Treoir ón Eoraip 2004/49CE. Bíonn sé ar chomhairle an Aonaid an ndéanfar eachtraí lena mbaianeann tionchar níos lú a imscrúdú.

Foráileadh le hAlt 55 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) a bhunú laistigh den CSI. Is é seo an cás a bhí amhlaidh go dtí 1^ú Iúil 2014, nuair a aistríodh an fheidhm go dtí RITS chun forálacha I.R. Uimh. 258 de 2014 a chomhlíonadh.

I rith 2014, sula dealaíodh ón CSI é, thionscain an AITI trí imscrúdú fhoirmiúla ar thionóiscí agus ar eachtraí ar an iarnród a tharla ar líonra Iarnród Éireann:

- Titim chlocha a tharla ag stáisiún Phort Láirge (Pluincéad) an 31^ú Nollaig 2013
- Imbhualadh veain de chuid Oifig a' Phoist agus traenach ar chrosaire comhréidh (XX024) an Chorráin, Brainse Bhéal an Átha, 7th Feabhra 2014
- Imbhualadh feithicil bhóthair agus traenach ar chrosaire comhréidh ag Cnoc an Phunta (XM250), Béal Átha Luain – líne Chathair na Mart, 8^ú Meitheamh 2014

D'fhoilsigh an AITI cúig thuairisc i rith 2014 faoi thionóiscí agus eachtraí a d'imscrúdaigh siad go foirmiúil:

Iarnród Éireann

- Neamhrialtacht oibriúcháin ar an gcuid idir Dún Dealgan – lár Chinn Trá den phríomhlíne idir Baile Átha Cliath an 23^ú Márta 2013 – foilsithe an 28^ú Aibreán 2014
 - Doirse traenacha paisinéirí DART – cliseadh ar chiorcaid chomhghlasála ar an taobh cearr an 10^ú Lúnasa 2013 – foilsithe an 30^ú Iúil 2014
 - Imthitim fhorscáth an ardáin ag stáisiún Chorcaigh (Ceannt) ar 18^ú Nollaig 2013 – foilsithe 7^ú Samhain 2014
 - Titim chlocha a tharla ag stáisiún Phort Láirge (Pluincéad) an 31^ú Nollaig 2013 – foilsithe 18^ú Nollaig 2014
- ### LUAS
- Splancthine ar thram LUAS agus é ag teacht isteach chuig stad Bhus Áras an 7^ú Samhain 2013 - foilsithe 28th Lúnasa 2014

Níor eisíodh faoi dheireadh 2014 tuairiscí na n-imscrúduithe ar dhá eachtra a tharla ar líonra Iarnród Éireann i mí na Nollaig 2013. Thionscain an AITI na himscrúduithe a bhain leis na heachtraí sin agus seo a leanas iad:

- Dultha thar Chomhartha Contúirte ag Sráid an Mhuilinn, Gabhal Chill Airne – cuid Chill Airne den Líne an 8^ú Nollaig 2013
- Cliseadh ar threalamh cosanta ag crotaire comhréidh Gortavogher, líne idir Luimneach – Baile Átha an Rí - 19^ú Nollaig 2013.

1.3 An tAonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Sa chuid seo den tuarascáil bhliantúil, pléitear le feidhmíocht an CSI sna trí réimsí oibre buntábhachtaí dá chuid: Measúnacht ar an gComhfhoirmeacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse; Maoirseacht ar an mbealach a Chomhlíontar nósanna imeachta agus caighdeán & Comhlíonadh na nósanna imeachta agus na gcaighdeán sin a Fhorfheidhmiú, agus Reachtaíocht a chomhchuíbhíú le teoracha & rialacháin ón Eoraip.

2.1 Measúnacht ar an gComhfhoirmeacht agus Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

Tá dhá phríomhshraith i gceist le gníomhaíochtaí faoin teideal seo: Measúnacht ar Chomhréireacht Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) agus Údarú go gCuirfear bonneagar iarnróid nua agus rothstoc nua, nó bonneagar agus rothstoc a athraíodh go suntasach, i mbun Seirbhíse.

2.1.1 Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS)

Faoin Rialachán (AE) Uimh.1158/2010, eisíodh Deimhnithe Sábháilteachta (Codanna A agus B) lenar clúdaíodh feidhmiú inneall ar na rianta ar líonra Iarnród Éireann, do *Balfour Beatty Rail Ireland Limited* an 24^ú Feabhra 2014.

Faoin Rialachán céanna, rinneadh athnuachan ar Dheimhnithe Sábháilteachta Codanna A agus B don *Railway Preservation Society of Ireland* an 19^ú Nollaig 2014.

De réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005, eisíodh Deimhnithe nua Bainisteoireachta Sábháilteachta Iarnróid chuig na hIarnróid Oidhreacht seo a leanas:

- Iarnród Lartigue Mono, 6^ú Márta 2014
- Cumann Treanach na Gaeltachta, 16^ú Aibreán 2014
- Iarnród Loch Diffin, 28^ú Aibreán 2014
- Iarnród Ghleann Phort Láirge & na Siúire 1^ú Bealtaine 2014
- *Irish Steam Preservation Society*, 16^ú Bealtaine 2014

2.1.2 Údarú le Cur i mbun Seirbhíse

San áireamh le nithe ar bhonneagar líonra Iarnród Éireann a údaraíodh i rith 2014 bhí:

- Tardhroichead nua a Chur i mBun Seirbhíse ag Garraí an Chaisleáin, Co. na hIarmhí
- Céim an dearaidh mhionsonraithe le haghaidh cúig droichead bóthair thar iarnróid – dhá cheann ar an líne idir Baile Átha Cliath — Ros Láir, ag Baile Ó gCuilinn agus Ballynabarny; dhá cheann ar an líne idir Luimneach – Inis ag Baile Uí Neachtain agus Baile Uí Dhroighneáin; agus droichead ar an líne idir Port Láirge — Ros Mhic Thriúin ag Baile Uí Bheirnín.
- Céim an dearaidh mhionsonraithe le haghaidh thionscadal Athchomharthaíochta Lár Bhaile Átha Cliath – Céim 3, Sráid na Teamhrach go dtí Dumhach Thrá

- Céim dhearaidh thosaigh do Chóras Hibrideach Iarnród Éireann (*IEHS*) le traenacha a chosaint
- Ceadú siarghabhálach do roinnt eilimintí de bhacanna ar chrosairí comhréidh, a úsáidtear le láimh.
- Céim choincheapa do bhreisiú teicneolaíochta a d'fhéadfadh sábháilteacht a fheabhsú ar Chrosairí Comhréidh a Oibríonn an tÚsáideoir

Lena chois sin, dheonaigh an CSI údarú don chéim choincheapa le caráistí Mk 3 a uasghrádú agus veain gineadóir leictreach le húsáid sa traen chamchuaire ardchompóird *Belmond Grand Hibernian*.

Cuirtear tuilleadh mionsonraí i láthair in Aguisín 4 maidir le stádas na n-údarú éagsúil.

2.1.3 Treoirlínte

D'fhoilsigh an CSI na treoircháipéisí seo a leanas in 2014:

RSC-G-032-A Treoirlíne maidir leis an bPróiseas le Fochórais Iarnróid Éadroim a Údarú le Cur i mBun Seirbhíse

RSC-G-033-A Treoirlíne lena soláthraítear Liosta de Pharaiméadair agus Cheanglais le Bonneagar Iarnróid Éadroim, Fuinnimh agus Fo-Chórais Cheannais is Chomhordaithe a Údarú le Cur i mBun Seirbhíse.

2.1.4 Tiománaithe Traenach a Dheimhniú

Chuir Iarnród Éireann a iarratas deiridh isteach go n-aithneofaí iad mar Ionaid Oilíuna agus Scrúdúcháin i mí Lúnasa 2014. Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar an iarratas, fuarthas gur comhlíonadh na ceanglais a leagadh amach in RSC-G-025-A, eisíodh na Ráitis Aitheantais don Ionad Oilíuna agus Scrúdúcháin an 15^ú Nollaig 2014.

Tá an CSI ag leanúint ar aghaidh le bheith ag tabhairt an tionscadail chun cinn le tús a chur le próiseas déantúsaíochta agus eisiúna ceadúnas tiománaithe traenach agus tá sé i gceist acu a bheith in ann ceadúnais a eisiúint i R4, 2015.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

2.2 Comhlíonadh, Maoirseacht agus Forfheidhmiú

Sruth oibre bunúsach don CSI is ea a chuid gníomhaíochta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin lena chinntiú ní amháin go mbíonn a gCóras Bainistíochta Sábháilteachta ceadaithe (CBS) faoi seach á gcur i ngníomh ag Eagraíochtaí Iarnróid, ach go mbíonn siad ag déanamh a ndíochill freisin le feabhsúcháin a bhaint amach ó thaobh a fheidhmíochta sábháilteachta.

Baineann an CSI úsáid as foinsí éagsúla le cabhrú leis a chuid gníomhaíochtaí maoirseachta a spriocdhírú agus áirítear leo siúd:

- Ceanglais ó thaobh an dlí maidir le sábháilteacht a bhainistiú;
- Gníomhaíochtaí agus aschuir mhaoirseachta ón gcéanna ag an CSI roimhe;
- Breithiúnas gairmiúil an CSI féin;
- Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann, go tipiciúil, chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí idir náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Gearáin agus uirill ag, nó thar ceann, paisinéirí nó daoine gaolmhara eile; agus
- Monatóireacht fhrithghníomhach, lena n-áirítear cigireacht tar éis eachtraí le féachaint ar comhlíonadh nósanna imeachta.

Agus é ag baint úsáide as na foinsí thuas, forbraíonn an CSI pleannana maoirseachta ilbhliantúla agus bliantúla lena n-áirítear na gníomhaíochtaí uile a bhíonn riachtanach le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar gach Eagraíocht Iarnróid. Áirítear leis na pleannana seo: cruinnithe maoirseachta, iniúchóireachtaí ar phróisis agus ar CBS na hEagraíochta Iarnróid, cigireacht ar shócmhainní samplacha, agus gníomhaíochtaí frithghníomhacha a dhéanamh cosúil le bheith ag leanúint le tionóiscí, eachtraí, tarlúintí contúirteacha, nó gearáin ón bpopal nó ó thríú páirtí eile.

2.2.1 Iniúchóireacht ar Chomhfhóirmeacht (Maoirseacht Réamhghníomhach)

Chuir an CSI na hiniúchóireachtaí seo a leanas i gcrích i rith 2014:

Iarnród Éireann-Bainisteoir Bonneagar (IÉ-BB)

- Bainisteoireacht ar *OHLE* & chothabháil an dáiliúcháin chumhachta – Iniúchóireacht déanta i mí na Samhna 2013
- Cothabháil & feidhmiú an chórais Rialaithe & Chomharthaíochta Traenach - Iniúchóireacht déanta i mí Feabhra 2014
- Iniúchóireacht ar shlisne chothrománach de rannóg an Phríomhchigire Shibhialta - Iniúchóireacht déanta i mí Bealtaine 2014
- Bainisteoireacht na nInneall ar na Rianta & Feithiclí ar Bóthar is ar Iarnróid i sealúchais innealtóireachta – Iniúchóireacht déanta i mí Lúnasa 2014

Iarnród Éireann-Gnóthas Iarnróid (IÉ-GI)

- Bainisteoireacht Oiliúint & Inniúlacht na dTiománaithe Traenach – Iniúchóireacht déanta i mí Iúil 2014

Iarnród Éireann (IÉ-BB) & (IÉ- GI)

- Iniúchóireacht ar shlisní cothrománacha: córais oiliúna & inniúlachta – Iniúchóireacht déanta i mí Iúil 2014

Iarnród Thuaisceart Éireann (NIR)

- Imscrúdú ar thionóiscí & ullmhacht le haghaidh éigeandálaí – Iniúchóireacht déanta i mí Bealtaine 2014

Transdev (LUAS)

- Bainisteoireacht Chotheabhála ar Thramanna – Iniúchóireacht déanta i mí Iúil 2014
- Bainisteoireacht an Chórais Teagmhála Lastuas – Iniúchóireacht déanta i mí na Samhna 2014

Balfour Beatty Rail Ireland (BBRI)

- Bainisteoireacht Traenála & Inniúlachta do Thiománaithe na nInneall ar Rianta – Iniúchóireacht déanta i mí Dheireadh Fómhair 2014

Iarnród Phort Láirge & na Siúire (WSVR)

- Bainisteoireacht Rioscaí – Iniúchóireacht déanta 08.2014

Teideal na hIniúchóireachta	Cás Tromchúiseach – Neamh-chomhlíonadh	Cás Mionchúiseach – Neamh-chomhlíonadh	Gníomh Riachtanach
Bainisteoireacht <i>OHLE</i> & chothabháil an dáiliúcháin chumhachta IÉ-BB	0	4	5
Cothabháil & feidhmiú an Chórais Rialaithe & Chomharthaíochta Traenach – IÉ-BB	0	2	10
Iniúchóireacht ar shlisne chothrománach de rannóg an Phríomhchigire Shibhialta – IÉ- BB	1	3	11
Bainisteoireacht na nInneall ar na Rianta & Feithiclí ar Bóthar is ar Iarnróid i sealúchais innealtóireachta – IÉ- BB	0	1	7
Bainisteoireacht Oiliúint & Inniúlacht na dTiománaithe Traenach – IÉ-GI	0	3	6
Iniúchóireacht ar shlisní cothrománacha: córais oiliúna & inniúlachta – IÉ- BB & IÉ- GI	0	1	13
Imscrúdú ar Thionóiscí & Ullmhacht le haghaidh Éigeandálaí - NIR	0	1	2
Bainisteoireacht Oiliúna & Inniúlachta Thiománaithe na dTramanna - LUAS	0	5	13
Bainisteoireacht Chotheabhála ar Thramanna - LUAS	0	0	4
Bainisteoireacht Traenáil & Inniúlacht do Thiománaithe OTM - BBRI	0	4	5
Bainisteoireacht Rioscaí Iarnróid - WSVR	0	0	3

Cuireadh tús le hiniúchóireachtaí ar Bhainisteoireacht Straitéiseach na Sábháilteachta in aonaid ghnó Bhainisteoir Bonneagar agus Ghnóthais Iarnróid de chuid Iarnróid Éireann, agus ar Bhainisteoireacht Chóras Teagmhála Lastuas LUAS i R4, 2015. Níor cuireadh ceachtar ceann i gcrích roimh dheireadh na bliana, ach táthar ag súil leis go dtabharfar an dá iniúchóireacht seo chun críche i rith R1, 2015.

2. Feidhmíocht ó Thaobh na bhFeidhmeanna

Táirgeadh moltaí de bharr gach ceann de na hiniúcháireachtaí a rinne an CSI in 2014 chun aschuir iniúcháireachta, a tháinig chun cinn de bharr thorthaí na n-iniúcháireachta, a cheartú.

Le hAlt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, tá a gcuid Pleananna faoi seach le gníomhartha ceartúcháin a chur i ngníomh, curtha isteach ag na hEagraíochtaí Iarnróid ar díriodh na moltaí orthu.

Tá an CSI tar éis glacadh leis na Pleananna sin, agus tá gníomhartha ceartúcháin comhaontaithe curtha i ngníomh cheana féin, nó tá an próiseas sin ar bun ag gach Eagraíocht Iarnróid. Tá an CSI ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn na bpleananna sin.

Déanann an CSI monatóireacht ar an mbealach a chuirtear gníomhaíochtaí ceartaitheacha i ngníomh ar bhonn leanúnach trí na cruinnithe rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta, a reáchtáiltear le heagraíochtaí iarnróid. Feidhmítear réimeas aire ina bhfuil trí leibhéal ar an mbealach seo a leanas:

OSCAILTE — Táthar fós ag fanacht le haiseolas ón sealbhóir dualgais, nó níl gníomhartha curtha i gcrích go fóill;

CRÍOCHNAITHE — É tugtha in iúl ag an sealbhóir dualgais don CSI go bhfuil bearta déanta aige leis an ngníomh feabhsach a chur i ngníomh agus fianaise thacaíochta soláthraithe don CSI le meas an féidir an moladh a dhúnadh;

DÚNTA — Bunaithe ar fhianaise a sholáthair an sealbhóir dualgais, tá an CSI sásta go bhfuil na bearta feabhsacha riachtanacha déanta agus go bhfuil an oiread den obair curtha i gcrích is a bhí ag teastáil chun an moladh a dhúnadh.

Leis na moltaí a tháinig chun cinn de bharr gach Iniúcháireacht a rinneadh in 2014 clúdaíodh 25 saincheist de chásanna 'nár comhlíonadh ceanglais' agus 81 saincheist a raibh 'gníomh riachtanach ina leith'. Maidir le cásanna nár comhlíonadh ceanglais, dúnadh 16 mhír in 2014 agus i gcatagóir 'na gcásanna a raibh gníomh riachtanach ina leith', dúnadh 76. Léirítear athruithe a tharla i rith 2014 maidir le líon agus stádas na moltaí a tháinig chun cinn ó thorthaí iniúcháireachta sna táblaí a ghabhann leis seo.

Iarnród Éireann

Bliain	Tuairiscí Iniúcháireachta	Aschuir Iniúcháireachta	
		Cás neamh-chomhlíonadh aitheanta	Gníomh Riachtanach
2009	3	4	44
2010	5	14	52
2011	8	17	62
2012	7	19	66
2013	6	22	55
Iomlán go dtí 31-12-13	29	76	279
Stádas ag 31-12-13	OSCAILTE	57	202
	CURTHA i gCRÍCH	0	3
	DÚNTA	19	74
2014 IÉ-BB	4	11	33
2014 IÉ-GI	1	3	6
2014 BB&GI	1	1	13
Iomlán go dtí 31-12-14	35	91	331
Stádas ag 31-12-14	OSCAILTE	56	173
	CURTHA i GCRÍCH	0	3
	DÚNTA	35	155

LUAS, RPSI, NIR, BBRI

Bliain	Tuairiscí Iniúcháireachta	Torthaí Iniúcháireachta	
		Cás neamh-chomhlíonadh aitheanta	Gníomh Riachtanach
2009	LUAS	1	15
2010	LUAS	1	3
2012	LUAS	2	13
	RPSI	1	6
2013	LUAS	1	7
	RPSI	1	5
Iomlán go dtí 31-12-13		7	49
Stádas ag 31-12-13	OSCAILTE	4	47
	CURTHA I gCRÍCH	0	0
	DÚNTA	0	2
2014	LUAS	2	17
	NIR	1	2
	BBRI	1	5
Iomlán go dtí 31-12-14		12	73
Stádas ag 31-12-14	OSCAILTE	14	71
	CURTHA I gCRÍCH	0	0
	DÚNTA	0	2

2. Feidhmíocht ó Thaobh na bhFeidhmeanna

2.2.2 Scrúduithe Tar Éis Eachtraí Tromchúiseacha (Maoirseacht Fhrithghníomhach)

Feidhmíonn an CSI uainchlár lena bhfágtar go mbíonn Cigire de chuid an CSI i gcónaí ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt do thionóisc nó d'fhógra faoi eachtra. In 2014, fuair an CSI 82 glao agus d'fhreagair do 11 cheann de na heachtraí seo. Is le líonra IÉ a bhain tromlach na gcasanna seo (57) agus bhain 25 eile le líonra LUAS.

Seachas na heachtraí sin inar tugadh le fios gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar gach eachtra. Bhain imscrúdú ar an láthair leis na scrúduithe seo de ghnáth, mar aon le hagallaimh le pearsanra, agus athbhreithniú ar cháipéisíocht sábháilteachta. In aon chás inar measadh go raibh an tsábháilteacht i mbaol, lorg an CSI na dearbhuithe riachtanacha ón aonán ábhartha go raibh bearta curtha i bhfeidhm leis na rioscaí a mhaolú.

Le cois cásanna inar chosúil gur ghortaigh duine d'aon ghnó é nó í féin, is brónach an scéal go raibh dhá thionóisc mharfacha ar líonra IÉ in 2014. Tharla an chéad cheann díobh seo ag Na Solláin, Contae Chill Dara, nuair a bhuail traein faoi fhear a léim ar an rian le rud éigin a thit a fháil ar ais. Tharla an dara tionóisc mharfach ag Stáisiún DART Ráth Éanaigh, nuair a thit bean lagamhairc ón ardán agus bhuail traein, nach raibh le stad ag an stáisiún, í. Bhí roinnt mhaith eachtraí eile ann a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint leo agus cúinsí beagán difriúil, lenar áiríodh:

- Imbhualadh idir veain ó Oifig an Phoist agus traein ag crosaire comhréidh an Chorráin (XX024), brainse Bhéal an Átha, 7^ú Feabhra 2014*
- Tarlúint chontúirteach a bhain leis an líne lastuas ar Líonra an DART, 2^ú Aibreán 2014
- Imbhualadh feithicil bóthair agus traenach ar chrosaire comhréidh ag Cnoc an Phunta (XM250), líne Baile Átha Luain – Chathair na Mart, 8^ú Meitheamh 2014*
- Chuaigh traein DART de na ráillí ó dheas ó Bhré tar éis di bualadh faoi charraig a brúdh síos ó chosán siúlóide aille in aice láimhe, 8^ú Iúil 2014
- Neamhrialtacht oibriúcháin ag crosaire comhréidh Waterrock nuair a thrasnáil traein an bother poiblí agus na bacainní ardaithe, 8^ú Deireadh Fómhair 2014

* Tá imscrúdú ar siúl ag an AITI faoi láthair maidir leis an dá eachtra seo leis an chúis / na cúiseanna a dhéanamh amach.

2.2.3 Monatóireacht ar Shaincheisteanna Teicniúla

I gcás go dtagann saincheisteanna teicniúla áirithe chun cinn, feadfaidh cigirí de chuid an CSI cinneadh a dhéanamh monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha a dhéanfaidh an eagraíocht iarróid ábhartha le haghaidh a thabhairt ar nithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar imní ó thaobh na sábháilteachta de. De ghnáth, tarlaíonn seo tríd an CSI a bheith ag freastal ar chruinnithe nó ar cheardlanna measúnachta rioscaí, agus trí chigireacht a dhéanamh ar shócmhainní nó oibríochtaí. In 2014, bhí líon beag saincheisteanna ann a ndearnadh gníomhaíocht mhaoirseachta dá leithéid ina leith, lena n-áirítear:

- IÉ (an BB & GI-anna araon) Bainisteoireacht Chomharthaí Contúirte a nDeachtas Tharstu (SPAD)
- Acastóir briste aitheanta ar Thram LUAS de Chineál 401
- Scoilt ar Phláta Crochta Tánaistigh ar Thram LUAS de Chineál 401
- Bainisteoireacht *Transdev & Alstom* ar an gcóras teagmhála lastuas tar éis dhá chás inar tharla díshreangú

Leanfaidh an CSI ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireachta orthu seo agus ar tharlúintí eile cosúil leo le dearbhú a fháil go mbíonn eagraíochtaí iarróid ábhartha ag bainistiú rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

2.2.4 Cigireacht

Thug an CSI faoi roinnt cigireachta eile ar Iarnród Éireann, ar Transdev (LUAS) agus ar Balfour Beatty Rail Ireland in 2014, lenar díriodh ar:

- Sócmhainní iarróid lena n-áirítear go háirithe rothstoc, droichid agus crosairí comhréidhe
- Bainisteoireacht na sealúchas innealtóireachta
- Bainistíocht Imeachtaí, Iarnród Éireann, LUAS agus an *Railway Preservation Society of Ireland*
- Bonneagar Iarnróid Éadrom & Tramanna

Lena chois sin, sa chás go rabhtas in ann, thapaigh cigirí de chuid an CSI an deis le taisteal in innill fhéinghluaste agus i gcábáin traenacha chun oibríochtaí agus an bhail a bhí ar an mbuanbhealach a mheasúnú.

Déanann an CSI scrúduithe ar gach iarnród oidhreacht féinchoinnithe a bhíonn ag feidhmiú freisin agus rinneadh cigireacht ar roinnt eagraíochtaí iarróid dá leithéid in 2014 agus tugadh faoi iniúchóireacht níos mionsonraithe ar Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire.

2.2.5 Cruinnithe Maoirseachta

Faoi mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, bhuail Cigirí de chuid an CSI go foirmiúil le feidhmeannaigh ó na heagraíochtaí iarróid éagsúla le hathbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ar bhonn leanúnach. San áireamh leis bhí athbhreithniú críochnúil ar thionóiscí agus eachtraí le déanaí, athbhreithniú ar tháscairí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta, agus tiomantas leanúnach ón mbainisteoireacht don fheabhsú leanúnach.

Le cois cruinnithe a reáchtáiltear go minic le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh sábháilteachta, déanann an CSI monatóireacht freisin ar an mbealach a chuireann sealbhóirí dualgais moltaí arna ndéanamh i dtuairiscí arna n-eisiúint ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) i ngníomh tar éis a n-imscrúduithe neamhspleácha 'cúisíocha'.

2.2.6 Buairimh an Tionscail

I mí an Márta 2012 choimisiúnaigh an CSI GL Noble Denton i Lunainn chun athbhreithniú agus fiosrúcháin a dhéanamh maidir le cúinsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fhaisnéis sábháilteachta chriticiúil a aithint go luath i rith imscrúdú ar thionóisc nó eachtra.

I mí an Márta 2012 choimisiúnaigh an CSI GL Noble Denton i Lunainn chun athbhreithniú agus fiosrúcháin a dhéanamh maidir le cúinsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fhaisnéis sábháilteachta chriticiúil a aithint go luath i rith imscrúdú ar thionóisc nó eachtra. Tar éis moilleanna éagsúla, cuireadh an t-athbhreithniú seo i gcrích faoi dheireadh thall, agus i mí na Nollag 2013, cheap an CSI Cathaoirleach Chomhairle Chomhairleach na Sábháilteachta Iarnróid le bheith ina chathaoirleach ar mheitheal trastionscail chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas leis na moltaí a rinneadh i dtuairisc GL Noble Denton a chur i ngníomh in *Athbhreithniú ar chúinsí a d'fhéadfadh bac a chur ar fhaisnéis sábháilteachta chriticiúil a aithint go luath i rith imscrúdú ar thionóisc nó eachtra*.

Chuir an cathaoirleach neamhspleách a thuairisc faoi bhráid an CSI i mí na Nollag 2014, agus cuireadh cóip ar aghaidh chuig RITS ina dhiaidh sin.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

Leanann an CSI ar aghaidh le teagmháil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a choinneáil ar bun lena chomhghleacaithe, na comhlachtaí rialála san Eoraip, Tuaisceart Mheiriceá agus san Astraláise. Scaip an CSI gach tuairisc maidir le tionóiscí agus gach fógra comhairleach maidir le cúrsaí sábháilteachta a d'eisigh na heagraíochtaí sin i gcás gur measadh gur bhain siad le hearnáil na hÉireann.

Tharla tionóiscí tragóideacha ar iarnróid an domhain arís in 2014. Tharla tionóiscí marfacha sa Rúis, san Fhrainc, san Ind, chomh maith le roinnt sna Stáit Aontaithe. Is féidir linn rud éigin a fhoghlam ó gach tarlúint dá leithéid agus muid de shíor ag iarraidh sábháilteacht na n-iarnród in Éirinn a fheabhsú.

2.2.7 Uirill

Tugann an CSI an-aird ar fad i gcónaí ar uirill a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid a railway staff, ó phaisinéirí iarnróid, ón bpobal nó ó dhaoine eile. Féachann an CSI, cibé uair is féidir, le déileáil leis na cásanna go díreach. I gcás gur gá, lorgann an CSI faisnéis bhreise ó na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist chun freagra chuimsitheach iomlán a sholáthar.

In 2014, fuair an CSI 73 uiríoll a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagar agus oibriú na n-iarnród trom agus éadrom de. Ba mhéadú suntasach é sin ar líon na n-uiríoll a fuarthas in 2013 (69). As measc 73 uiríoll a fuarthas in 2014, bhain 69 uiríoll le hoibríochtaí nó bonneagar iarnród Éireann agus bhain 3 chinn eile le córas LUAS, gan ach ceann amháin ag baint le Balfour Beatty Rail Ireland. Bhí líon beag díobh seo ina n-údar buairimh agus ghníomhaigh an CSI láithreach chun a chinntiú go ndearna an eagraíocht iarnróid ábhartha gníomhartha ceartaitheacha ina leith.

Maidir le roinnt uiríoll a fuarthas sa chéad chuid de 2014, chonacthas gur lean treocht a bhí le feiceáil ag deireadh 2013, ar aghaidh – ag baint le leibhéil an phlódaithe ar thraenacha IÉ. Dá thoradh sin, rinne IÉ athbhreithniú ar a chuid patrún le flíteanna a leithdháileadh agus rinneadh roinnt coigeartuithe ar thoilleadh traenacha.

Ní raibh ceann ar bith de na huirill eile ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta de láithreach nó ina n-údar buairimh go sonrach ach imscrúdáíodh iad ar fad agus freagraíodh dóibh ar fad. Leanann an CSI ar aghaidh le bheith ag rianú na n-ábhar a bhíonn i gceist leis na huirill ar bhonn leanúnach ionas go sainaitheofar aon atarlú nó treochtaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur gá tuilleadh airde a thabhairt orthu.

2.2.8 Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin

Soláthraítear le hAlt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 le haghaidh roinnt beart forfheidhmiúcháin, idir Plean Feabhsúcháin a iarraidh agus Fógra Toirmisc a sheirbheáil. Thionscain an CSI na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas i rith 2014:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin iarrtha:

- tar éis iniúchóireacht an CSI ar Roinn na bPríomhinnealtóirí Sibhialta ag IÉ
- tar éis iniúchóireacht an CSI ar oiliúint & inniúlacht Tiománaithe *OTM* & Carranna Cigireachta de chuid *BBRI*
- tar éis tarlúintí contúirteacha ar líonra an DART a bhain le Trealamh na Líne Lastuas
- tar éis iniúchóireacht an CSI ar Chothabháil & Oibriú an Chórais um Rialú agus Chomharthaíochta Tráchta ag IÉ
- tar éis iniúchóireacht an CSI ar oiliúint & inniúlacht thiománaithe traenach IÉ
- tar éis iniúchóireacht an CSI ar Bhainisteoireacht *OTManna* & *RRVanna* i sealúchais

Níor eisigh an CSI aon 'Fógraí Feabhsúcháin' ná níor sheirbheáil aon 'Fógraí Toirmisc' i rith 2014. Ach seoladh fógra chuig IÉ-BB á thabhairt le fios go raibh rún ag an CSI Fógra Feabhsúcháin a sheirbheáil i ndáil le cás mór de neamh-chomhlíonadh a aithníodh i rith na hiniúchóireachta ar rannóg na bPríomhinnealtóirí Sibhialta. De réir Alt 77 den Acht, rinne IÉ-BB uirill don CSI. Rinne an CSI athbhreithniú ar an uiríoll seo agus cinneadh, mar gheall ar na gníomhartha a thóg IÉ-BB agus a beartaíodh a thógáil, nach raibh fógra feabhsúcháin foirmiúil riachtanach.

2. Feidhmíocht ó thaobh na bhFeidhmeanna

2.3 Reachtaíocht a Chomhchuíbhíú le Treoracha & Rialacháin ón Eoraip

In 2011, chuir an Coimisiún Eorpach a gcuid inní in iúl maidir le haimhrialtachtaí idir an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid, nár tugadh aghaidh orthu sách críochnúil le trasuíomh na treorach sin. Áiríodh éagsúlachtaí suntasacha idir téarmaí agus sainmhínithe a úsáidtear san Acht.

De réir a dhuilgais faoi alt 72 den Acht, tá tacaíocht theicniúil leanúnach agus chuimsitheach soláthraithe ag an CSI don Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

Tar éis do Rialacháin ón Aontas Eorpach (Sábháilteacht Iarnróid), I.R. Uimh. 444 de 2013, a bheith glactha, cuireadh an obair seo i gcrích trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sábháilteacht Iarnróid) (Tuairisciú agus Imscrúdú Tionóiscí agus Eachtraí Tromchúiseacha), I.R. Uimh. 258 de 2014.

Lean an CSI ar aghaidh le bheith ag rannchuidiú go dearfach leis an bpróiseas leanúnach leis an gcreat rialála a fhorbairt d'earnáil iarnróid na hEorpa.

Tá freagracht ar Choiste RISC den Choimisiún na hEorpa as cur i ngníomh na dTreoracha ón Eoraip lena gclúdaítear idir-inoibrítheacht agus sábháilteacht na n-iarnróid. I rith 2014, ghlac an CSI páirt mar an t-ionadaí náisiúnta ag gach ceann de na trí chruinniú in 2014.

Tá ionadaíocht ag an CSI ar Bhord Bainistíochta agus ar choiste airgeadais na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid (ERA). Bíonn Coimisinéir an CSI gníomhach ar choiste tras-íniúcháireachta na Gníomhaireachta freisin. Glacann baill foirne ón CSI páirt ghníomhach in dhá mheitheal de chuid na Gníomhaireachta, ceann amháin a bhíonn ag déileáil le measúnacht agus maoirseacht ar an tsábháilteacht agus an ceann eile le feidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.

Rinneadh ionadaíocht thar ceann an CSI ar thrí chruinniú iomlánacha de chuid Líonra na nÚdarás Sábháilteachta Náisiúnta, arna chomhordú ag an ERA, agus ar dhá chruinniú de Ghrúpa Idirchaidrimh Idirnáisiúnta na gCigirí Iarnróid Rialtais (ILGGR).

Cruthaíodh Grúpa Saineolaithe ar Shábháilteacht ag Crosairí Comhréidh (GE.1), de chuid UNECE, de thoradh tionscnaimh ó Choiste Iompair Intíre UNECE, a chuid Meithealacha ar Shábháilteacht Tráchta ar Bóithre, Iompar ar Bóithre agus Iompar Iarnróid, agus cuireadh tús lena chuid oibre i mí Eanáir 2014. Is é a chuspóir cur síos a dhéanamh ar na saincheisteanna sábháilteachta atá ann ag a gcomhéadan idir bóithre/iarnróid, iad a mheasúnú agus a thuiscint níos fearr chomh maith le plean straitéiseach ildisciplíneach a fhorbairt a bheadh dírithe ar an riosca báis agus gortuithe a laghdú ag crosairí comhréidhe. Ghlac an CSI páirt mar an t-ionadaí náisiúnta ag gach ceann den trí chruinniú in 2014.

2.4 An Chomhairle Idirnáisiúnta Shábháilteachta Iarnróid

Tá an CSI ina bhall de phríomhghrúpa na Comhairle Idirnáisiúnta Shábháilteachta Iarnróid (IRSC) agus glacann páirt ag na comhdhálacha bliantúla. Tar éis IRSC 2013 in Vancouver, ag ar chuir Príomhchigire an CSI le haghaidh maoirseachta agus forfheidhmiúcháin páipéar i láthair dar teideal *Supervising Safety Management on Ireland's Railways*, chuir an Coimisinéir agus duine de na céimithe a bhí faoi oiliúint an páipéar dar teideal *Railway Knowledge – a fundamental for regulation of railway safety* i láthair le chéile ag IRSC 2014 a reáchtáladh i mBeirlin.

2.5 Pointí a dTeagmhaíonn Bóithre agus Iarnróid le chéile

Tá na crosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí ina n-áiteanna lena mbaineann riosca mór agus daoine den phobal agus an t-iarnród ag teagmháil le chéile, toisc gur ar úsáideoir an bhóthair a bhíonn an fhreagracht as an gcrosaire comhréidh a úsáid go sábháilte. Is léir gur chóir bearta leanúnacha córasacha, le rioscaí a mhaolú, agus tuilleadh infheistíochta i leith na sábháilteachta, a dhíriú ar chrosairí comhréidhe a fheidhmíonn úsáideoirí ar bhóithre poiblí mar gheall ar na rioscaí a bhaineann leo.

Tá an CSI ina chathaoirleach ar an Meitheal Shábháilteachta Iarnróid agus Bóthair (RRSWG). Éascaíonn an grúpa seo le faisnéis agus tuairimí a roinnt i measc bhaill na meithele maidir le saincheisteanna ó thaobh na sábháilteachta ag pointí a dteagmhaíonn bóithre agus iarnróid le chéile. Áirítear i measc bhaill an ghrúpa gnóthais iarnróid, údaráis bhóithre, na Gardaí, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus tarlóirí bóthair. Bhí trí chruinniú ag an ngrúpa seo i rith 2014.

D'fhreastail an CSI ar Chomhdháil na nÚdarás Áitiúil a reáchtáladh in Inis an 20^ú Bealtaine 2014, agus chuir Cigire ón CSI páipéar i láthair faoi *Road Rail Interface Awareness*.

3. Rialachas Corparáideach agus Riarachán

3.1 Réamhrá

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais, agus tá an Cód sin á chomhlíonadh ag an gCoimisiún.

3.2 Cúrsaí Airgeadais

Soláthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt cuid de mhaoiniúchán an CSI le Deontas agus tagann cuid den mhaoiniúchán ó tobhach sábháilteachta a chuirtear ar na heagraíochtaí iarnróid éagsúla. €0.821m a bhí i gceist leis an Deontas in 2014.

Bhain an CSI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. Déantar rialacháin go bliantúil chun tobhach sábháilteachta a fhorchur ar gach ceann de na heagraíochtaí iarnróid, agus tá na rialacháin i gcomhair 2014 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 73 de 2014. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin a fuarthas le trí bliana anuas léirithe thíos:

		2012 (€milliún)	2013 (€milliún)	2014 (€milliún)
Buiséad	CSI	2.26	1.91	1.99
	AITI	0.57	0.60	0.40
	Iomlán	2.83	2.51	2.39
Deontas-i-gCabhair	CSI + AITI	0.89	0.86	0.82
Riachtanas le Tobhach	CSI	1.94	1.65	1.57
Aisíocaíocht an Tobhaigh b/f		-0.76	0	0
Suim Ordú an Tobhaigh		1.18	1.65	1.57
Costais oibriúcháin	CSI	1.72m	1.90m	2.14*
	AITI	0.43m	0.62m	0.48*
	Iomlán	2.15m	2.52m	2.62*
Feidhmiú an Deontais-i-gCabhair	CSI	0.46m	0.25	0.42
	AITI	0.43m	0.60	0.40
Feidhmiú an Tobhaigh	CSI	1.18m	1.65	1.57

* Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntas an CSI i gcomhair 2014 a iniúchadh.

3.3 Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an CSI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn dearmadaí á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar éifeachtacht an chórais.

3.3.1 Próisis maidir le Cúrsaí Airgeadais a Rialú

Faoi dheireadh 2014, bhí naoi mbliana iomlána curtha i gcrích ag an CSI ón uair a bunaíodh é. Bíonn próisis agus nósanna imeachta á n-athbhreithniú agus á bhforbairt go leanúnach againn lena chinntiú go rialaítear cúrsaí airgeadais inmheánacha go láidir. Tá roinnt beart sainaitheanta chun cabhrú linn é sin a chinntiú agus táthar tar éis céimeanna a ghlacadh chun na bearta sin a neadú sa CSI.

3. Rialachas Corparáideach agus Riarachán

- Freagrachtaí bainisteoirí a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Na prionsabail a ghlacadh maidir leis an rialachas corparáideach atá sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- Ceanglais na hIníúcháireachta Inmheánaigh a chomhlíonadh ó thaobh comhairle a thabhairt don CSI maidir lena fhreagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

Dearbhaíonn an CSI go mbíonn gach nós imeachta cuí don tuairisceoireacht airgeadais, iniúcháireacht inmheánach, soláthar agus diúscairt sócmhainní á ndéanamh.

3.3.2 Dualgais Chánach a Chomhlíonadh

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an CSI.

3.3.3 Taisteal agus Speansais

Comhlíonann an CSI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais maidir le speansais taistil, chothaithe agus speansais ghaolmhara.

3.4 Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CSI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá ár gcomharthaíocht agus stáiseanáireacht i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

3.5 Saoráil Fhaisnéise

Áiríodh an Coimisiún i measc na n-eagraíochtaí a liostaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Tá an CSI tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo. In 2014, ní bhfuair an CSI aon iarratais faoin Acht seo.

3.6 Cairt Chustaiméirí

Tugadh an Chairt Chustaiméirí cothrom le data in 2013 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CSI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCSI.

3.7 Bainistíocht Rioscaí

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an CSI chun súil a choinneáil ar rioscaí buntábhachtacha dá ghnó.

3.8 Cód um Eitic agus Iompar Gnó

Tá Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm don Choimisiún agus don fhoireann ar fad agus táthar ag cloí leis.

3.9 Ráiteas Straitéise 2012-2014

Tháinig an CSI an tríú Ráiteas Straitéise dá chuid in 2012. Is í an cháipéis seo an Ráiteas Straitéise de chuid an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid (CSI) a tháirgtear gach trí bliana, do na blianta ó 2012 go 2014. Is é cuspóir na cáipéise go gcuirfear tuiscint shoiléir i láthair na bainisteoireachta, na foirne, páirtithe leasmhara agus an phobail ar an treoir straitéiseach atá á glacadh ag an CSI chun a chuid dualgas reachtúil a chomhlíonadh agus a chuspóirí ó thaobh cúrsaí gnó a bhaint amach. Ní chlúdaítear gníomhaíochtaí an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) leis an gcáipéis seo, toisc go bhfuiltear ag beartú go ndéanfar an tAonad a dheighilt ón CSI, ó thaobh an dlí de, a luaithe agus is féidir sa chaoi go gcomhlíonfar ceanglais de chuid an AE.

3.10 Suíomh Idirlín

Coinníonn an CSI suíomh idirlín gníomhach ar bun ag www.rsc.ie

Aguisín

Is iad seo a leanas na réimsí a áireoidh an CSI mar chinn ar a ndéofar aird ar leith agus é ag leanúint ar aghaidh lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh faoi reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta i rith 2015:

- Comhoibriú agus tacaíocht theicniúil leanúnach don RITS maidir le reachtaíocht a leasú agus feidhmeanna a fhorbairt leis an earnáil iarnróid a rialáil ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta le Treoir 2012/34/CE a chomhlíonadh
- Earcú, ar bhonn buan, líon na saineolaithe inniúla a bheidh riachtanach chun go mbeidh leordhóthain acmhainní á choinneáil ag an CSI ó 2015 ar aghaidh
- Scileanna gairmiúla fhoireann uile an CSI á bhforbairt tuilleadh sa chaoi go gcinnteofar go mbeidh leordhóthain eolais agus scileanna teicniúla agus dlíthiúla, a bhaineann go sonrach le cúrsaí iarnróid, ar fáil laistigh den eagraíocht
- Idirghníomhú le Belmond Ltd le traein turasóireachta *Belmond Grand Hibernian*, a údarú ó thaobh na sábháilteachta. Tá sé le cur i mbun seirbhíse in 2016.
- Idirghníomhaíocht leanúnach le feidhm an Ghnóthais Iarnróid de chuid Iarnród Éireann chun deimhniú *ECM* a chur i ngníomh de réir a chéile le haghaidh chabhláí uile ghluaistearí Iarnród Éireann agus do phaisinéirí
- Idirghníomhú leanúnach leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród maidir leis na hoibreacha nua a mheasúnú do leathnú Traschathrach an LUAS
- Comhlacht Rialála, Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách agus feidhmeanna Údaráis Cheadúnúcháin a bhunú, agus, faoi réir forálacha dlí, an CSI a athbhrandáil mar an Coimisiún um Rialáil Iarnróid (CRI)
- Próisis agus nósanna imeachta inmheánacha a bhaineann leis an gCóras Bainistíochta Cáilíochta don *CRR* a fhorbairt tuilleadh

Beidh cuspóir ghníomhaíochtaí uile an CSI i rith 2015 de réir a mhisin **“Sábháilteacht na n-iarnród in in Éirinn a thabhairt ar aghaidh trí mhaoirseacht agus forfheidhmiúchán díograiseach.”**



Aguisín

Aguisín 1: Ceaduithe arna ndeonú ag an CSI in 2014

Tionscadail Rothstoic	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
<i>Irish Luxury Rail Tours Limited</i>	√				

Tionscadail le haghaidh Bonneagair	Céim an Tionscadail				
	Coincheap	Dearadh Tosaigh	Dearadh Mionsonraithe	Tástáil & Coimisiúnú	Seirbhís
Baile Átha Luain – Tardhroichead Nua ag Garraí an Chaisleáin					√
Baile Ó gCuilinn – Líne Bhaile Átha Cliath/Ros Láir– Tardhroichead Nua		√	√		
Baile Uí Dhroighneáin – Líne Luimnigh/na hInse – Tardhroichead Nua		√	√		
Ballynabarny – Líne Bhaile Átha Cliath/ Ros Láir– Tardhroichead Nua		√	√		
Baile Uí Neachtain – Líne Luimnigh/na hInse – Tardhroichead Nua		√	√		
Baile Uí Bheimín – Líne Phort Láirge/Ros Mhic Thriúin Tardhroichead Nua		√	√		
Athchomharthaíocht Lár Chathair Bhaile Átha Cliath – Céim 3			√		
Cosaint Traenacha Chóras Hibrideach Iamróid Éireann		√			
Córas Crosairí Comhréidhe Náisiúnta – Bailíochtú ó thaobh na Sábháilteachta					√
Crosairí a Oibríonn Usáideoirí – Breisiú Teicniúil	√				

Aguisín

Aguisín 2

- Cinntiú go gcastar gach trealamh as ag deireadh an lae
- Gach ball den fhoireann a spreagadh leis an méid fuinnimh a ídionn iad a laghdú

Gníomartha atá Pleanáilte do 2015

In 2015 tá sé i gceist ag an CSI ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí bheith ag tabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Feasacht na foirne a choinneáil ar bun maidir le fuinneamh a ídiú agus bealaí le méid an fhuinnimh a idítear a laghdú.
- Leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireacht ar mhéid an fhuinnimh a idítear agus bealaí nua a lorg chun an méid fuinnimh a ídímid a laghdú

Tugadh faoi deara i dTuarascáil Bhliantúil 2014 *SEA/* maidir le Feidhmíocht na hEarnála Poiblí maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, go bhfuil an CSI tar éis a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 23% óna bhonnlíne, agus tá an CSI de réir targaidí le haghaidh na targaide atá le sroicheadh in 2020.